**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**A10-0021/2024**

4.12.2024

*******

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradh-bhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit (07011/2024 – C10-0080/2024 – 2015/0012(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Anna Cavazzini

PR_NLE-AP_Agreement

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................6

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR..........................................................................................7

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ............................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradh-bhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit**
**(07011/2024 – C10-0080/2024 – 2015/0012(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07011/2024),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradh-bhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit (07012/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0080/2024),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0021/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, agus chuig an Rúnaíocht UNCITRAL.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is céim i dtreo rochtain phoiblí níos mó ar dhoiciméid agus ar éisteachtaí é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le trédhearcacht i dtaca le Réiteach Díospóidí idir Infheisteoirí agus Stáit (ISDS) (Coinbhinsiún Oileán Mhuirís), chomh maith le cuimsiú na sochaí sibhialta i ndíospóidí arna dtabhairt ag infheisteoirí i gcoinne Stát faoi chonarthaí infheistíochta.

Tá an Pharlaimint ag iarraidh le fada go ndaingneodh an tAontas é, lena n-áirítear sa rún ó Pharlaimint na hEorpa in 2022 maidir le Todhchaí Bheartas Infheistíochta Idirnáisiúnta an Aontais. Faoi na rialacha eadrána lena rialaítear imeachtaí ISDS go coitianta, féadfaidh díospóidí fanacht faoi cheilt ón bpobal ón uair a sheoltar iad go dtí go dtugtar i gcrích iad. Is féidir le ceann de na páirtithe an rúndacht seo a éileamh, cé gur féidir le cásanna díriú ar bhearta a chinntear go daonlathach agus cúiteamh sna billiúin a bheith mar thoradh orthu. Ba cheart trédhearcacht iomlán a áirithiú mar íoscheanglas.

Le Coinbhinsiún Oileán Mhuirís, éascaítear cur i bhfeidhm Rialacha Trédhearcachta Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL) maidir le conarthaí infheistíochta a tugadh i gcrích roimh an 1 Aibreán 2014. Ceanglaítear leis na rialacha sin gach doiciméad, lena n-áirítear cinntí binse agus aighneachtaí páirtithe, a chur ar fáil don phobal; éisteachtaí a bheith ar oscailt don phobal; agus cead a bheith ag páirtithe leasmhara, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, aighneachtaí a chur faoi bhráid an bhinse. Tá ceanglais trédhearcachta chomhchosúla i ngach comhaontú de chuid an Aontais a tugadh i gcrích tar éis 2014 cheana féin.

Tá feidhm chúlghabhálach ag an gcoinbhinsiún maidir le conarthaí infheistíochta a síníodh sular tugadh isteach rialacha trédhearcachta UNCITRAL. Faoi na seanchonarthaí, féadfaidh na páirtithe conarthacha a dhaingneoidh an coinbhinsiún na rialacha nua a chur i bhfeidhm i ndíospóidí, gan gá a bheith ann iad a chaibidliú an athuair ar bhonn aonair.

Tagann thart ar 1,200 comhaontú a bhaineann le Ballstáit de chuid an Aontais faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. Is é an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT) an t-aon chonradh a chumhdaítear ar leibhéal an Aontais.

Is é daingniú an Choinbhinsiúin an chéad chéim san athchóiriú níos leithne ar réiteach díospóidí infheistíochta faoi chuimsiú Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta chun Cúirt Iltaobhach Infheistíochta a chruthú. Ba cheart a mhodh a mhacasamhlú, mar shampla faoi chuimsiú obair na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta chun conarthaí infheistíochta a ailíniú le spriocanna aeráide Chomhaontú Pháras.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le trédhearcacht in eadráin chonradhbhunaithe idir infheisteoirí agus Stáit |
| **Tagairtí** | 07011/2024 – C10-0080/2024 – 2015/0012(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 12.7.2024 |
| **Coistí freagracha** | INTA |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Anna Cavazzini<br>30.9.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 18.11.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.12.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Christophe Bay, Brando Benifei, Lynn Boylan, Anna Bryłka, Udo Bullmann, Daniel Caspary, Benoit Cassart, Markéta Gregorová, Céline Imart, Karin Karlsbro, Rudi Kennes, Sebastian Kruis, Bernd Lange, Ilia Lazarov, Miriam Lexmann, Gabriel Mato, Javier Moreno Sánchez, Ştefan Muşoiu, Daniele Polato, Majdouline Sbai, Lukas Sieper, Francesco Torselli, Inese Vaidere, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Catarina Vieira, Bogdan Andrzej Zdrojewski, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mika Aaltola, João Cotrim De Figueiredo, Barry Cowen, Borja Giménez Larraz, Cristina Maestre |
| **Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Delara Burkhardt, Loránt Vincze |
| **Dáta don chur síos** | 4.12.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Daniele Polato, Francesco Torselli |
| NI | Lukas Sieper |
| PPE | Mika Aaltola, Daniel Caspary, Borja Giménez Larraz, Céline Imart, Ilia Lazarov, Miriam Lexmann, Gabriel Mato, Inese Vaidere, Loránt Vincze, Bogdan Andrzej Zdrojewski, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| PfE | Sebastian Kruis |
| Renew | Benoit Cassart, João Cotrim De Figueiredo, Barry Cowen, Karin Karlsbro, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Brando Benifei, Udo Bullmann, Delara Burkhardt, Bernd Lange, Cristina Maestre, Javier Moreno Sánchez, Ştefan Muşoiu, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Manon Aubry, Lynn Boylan, Rudi Kennes |
| Verts/ALE | Markéta Gregorová, Majdouline Sbai, Catarina Vieira |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| PfE | Christophe Bay, Anna Bryłka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh